Treoir ar Chaighdeáin do Lóistín Cónaithe ar Cíos

Caithfidh tiarnaí talún a chinntiú go gcuireann a gcuid réadmhaoine ar cíos timpeallacht shábháilte shláintiúil ar fáil do thionóntaí le maireachtáil inti, agus go gcomhlíonann siad na caighdeáin atá leagtha amach sna Rialacháin Tithíochta (Caighdeáin do Thithe ar Cíos) 2019. Tá údaráis áitiúla freagrach as na rialacháin a chur i bhfeidhm. Mar thiarna talún, d'fhéadfadh go gcuirfear an dlí ort mura gcomhlíonann do réadmhaoin na caighdeáin chíosa riachtanacha nó má chuireann tú bac ar chigire údarásach cigireacht a dhéanamh. Déantar achoimre sna sonraí thíos ar na caighdeáin chíosa agus leagtar béim ar oibleagáidí na dtiarnaí talún. Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le d'údarás áitiúil, le do thoil.

1

Caithfidh an fhoirgneamh a bheith saor ó thaise agus i riocht maith struchtúrach (go hinmheánach agus go seachtrach).

2

Caithfidh uisce fuar agus saoráid le haghaidh soláthar uisce te trí phíobáin a bheith ann.

Caithfidh áiseanna sláintíochta a bheith i ngach teach nó árasán; ní mór dóibh a bheith druidte go hiomlán agus scartha ó sheomraí taobh leo. Caithfidh na háiseanna a bheith sábháilte, aeráilte go maith agus ag feidhmiú i gceart.

3

Léasanna cónaithe príobháideacha níos lú ná 10 mbliana

Ní mór fearais cistine a bheith i riocht maith agus ag oibriú go sábháilte. Ní mór go mbeadh iarta 4-fháinne, oigheann, gríoscán, cuisneoir/reoiteoir, oigheann micreathonnach agus doirteal a chuireann uisce óil sábháilte ar fáil, áiseanna le haghaidh uisce te agus draenáil leordhóthanach ar fáil. Ní mór go mbeadh líon leordhóthanach cófraí cistine ann. Caithfear cochall cócaireachta nó eastarraingteoir a shuiteáil i gcistineacha chun múch a bhaint go héifeachtach agus go sábháilte agus a sheoladh amach san aer lasmuigh.

Comhaontuithe léasa cónaithe príobháidí ar feadh 10 mbliana nó níos mó, agus tithe atá faoi úinéireacht comhlachta ceadaithe tithíochta (CCT) nó údaráis áitiúil

Baineann an méid thuas leis an gceist, ach cé go gcaithfear na saoráidí a chur ar fáil chun fearais tí mhóra a shuiteáil, ní gá na fearais féin a sholáthar.

4

Ní mór inneall níocháin a bheith ann, nó rochtain ar shaoráid níocháin chomhroinnte san fhoirgneamh nó ar a thailte.

Mura bhfuil rochtain eisiach ar chlós nó ar ghairdín príobháideach, ní mór triomadóir nó rochtain ar thriomadóir comhroinnte a chur ar fáil.

5

Caithfidh dóthain soilsiú nádúrtha agus saorga a bheith i ngach seomra ar féidir cónaí ann. Caithfidh dóthain soilsiú saorga a bheith i hallaí, ar staighrí agus ar léibhinn.

6

Caithfidh teas atá socraithe go buan, agus ar féidir leis na tionóntaí é a rialú, a bheith i ngach seomra, lena n-áirítear seomraí folctha agus seomraí cithfholcadáin, ach amháin i gcás cistineacha a bhfuil achar urláir níos lú ná 6.5 m^2 iontu.

7

Ní mór eolas a thabhairt do thionóntaí maidir leis an réadmhaoin, le seirbhísí an fhoirgnimh, le fearais agus leis na riachtanais chothabhála a bhaineann leo.

8

Ní mór bearta iomchuí agus leordhóthanacha a dhéanamh nuair is gá, chun cosc a chur ar inmhíolú agus ar mhionainmhithe foghla.

9

Ní mór rochtain a bheith ann ar shaoráidí oiriúnacha agus leordhóthanacha chun bruscar a stóráil, ar saoráidí iad atá cosanta ar inmhíolú agus ar mhionainmhithe foghla.

Foinsí: Rialacháin Tithíochta (Caighdeáin do Thithe ar Cíos) 2019; Treoirlínte d'Údaráis Tithíochta maidir le Cur i bhFeidhm Caighdeán i gCóiríocht ar Cíos.

RTB Bord um Thionóntachtaí Cónaithe
Residential Tenancies Board

Rialtas Áitiúil Éireann
Local Government Ireland

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing, Local Government and Heritage

Treoir Faisnéise Sábháilteachta do Thiarnaí Talún

Tá sé fíorthábhachtach go mbeadh tiarnaí talún ar an eolas faoina bhfreagracht as sábháilteacht, lena n-áirítear sábháilteacht ó dhóiteán. Léirítear sa treoir thíos conas cloí leis na ceanglais sábháilteachta atá leagtha síos sna Rialacháin Tithíochta (Caighdeáin do Thithe ar Cíos) 2019. Caithfidh tiarnaí talún a bhfuil aonaid acu i bhfoirgnimh il-aonad cloí leis na hAchtanna Seirbhísí Dóiteáin (1981 agus 2003) freisin, agus ba cheart dóibh tagairt a dhéanamh don doiciméad treorach, 'Treoir maidir le Sábháilteacht ó Dhóiteán in Árasáin, i Seomraí Suí is Leapa'.

Sábháilteacht Dóiteáin

Ní mór aláram deataigh féinchuimsitheach a bheith i ngach teach agus árasán, agus é suite in áit oiriúnach. Ba chóir go mbeadh ceann amháin ar an mbunurlár agus ceann amháin ar gach léibheann de na hurláir uachtaracha.

Ba chóir go mbeadh aláraim deataigh nasctha leis an bpríomhlíonra le ceallraí tacaíochta, nó gur aonaid neamhspleácha iad a oibríonn ar cheallraí a mhaireann 10 mbliana.

Caithfidh blaincéad dóiteáin, atá suite go cuí, a bheith sa chistin freisin.

Ceanglais Bhreise maidir le Sábháilteacht ó Dhóiteán i bhFoirgnimh Il-Aonad*

Caithfidh na nithe seo a leanas a bheith ann:

- Córas láraithe braite agus aláraim dóiteain i limistéir chomhchoiteanna, ina mbeidh painéal rialaithe, aonaid bris an ghloine, agus brathadóirí deataigh agus dordánaí suite go cuí ar fud an fhoirgnimh, chomh maith le braiteoirí teasa agus dordánaí comhtháite i ngach aonad
- Soilsiú éigeandála i limistéir chomhchoiteanna
- Pleananna aslonnaithe éigeandála i ngach aonad

Aeráil le haghaidh Fearais Téimh

Caithfidh áiseanna oiriúnacha agus leordhóthanacha a bheith i seomraí chun múch agus táirgí dócháin eile a bhaint go sábháilte agus iad a chur chuig an aer lasmuigh i gcásanna ina n-úsáidtear fearas a ghineann teas.

Aeráil

Caithfidh aeráil leordhóthanach a bheith i ngach seomra.

Sábháilteacht i leith Aonocsaíd Charbóin

Ní mór aláraim aonocsaíde carbóin a shuiteáil in áiteanna oiriúnacha i dtithe agus árasáin ina bhfuil fearais dóite breosla (coirí agus soirn a úsáideann ola, gás nó breosla soladach) nó tinteáin oscailte.

Gás, Ola agus Leictreachas

Ní mór suiteálacha chun gás, ola agus leictreachas a sholáthar, lena n-áirítear píobaireacht, áiseanna stórála agus boscaí dáileacháin leictreachais a choinneáil i dtreo mhaith agus in ordú sábháilte oibre.

Feistí Srianta Fuinneoige

Caithfidh feistí srianta sábháilteachta oiriúnacha a bheith ceangailte d'fhuinneog a bhfuil oscailt inti trína bhféadfadh duine titim, agus a bhfuil bun na fuinneoige níos airde ná 1400mm os cionn leibhéal na talún lasmuigh.

Caithfidh feistí srianta sábháilteachta oiriúnacha na fuinneoige a dhaingniú go leordhóthanach chun a leithéid de thitim a chosc. **Níor cheart feistí srianta ar féidir iad a ghlasáil, nach féidir a scaoileadh ach le heochracha inbhainte nó le huirlisí eile, a fheistiú** ar chodanna den fhuinneog a osclaítear. Ba cheart do na feistí teorannaithe **glasáil ar ais ina n-áit go huathoibríoch** nuair a chuirtear an fhuinneog ar ais sa suíomh tosaigh ina bhfuil a hoscailt teoranta, nó i suíomh dúnta (cibé acu atá sí faoi ghlas nó nach bhfuil).

Fearais

Caithfear gach fearas, a chaithfidh tiarna talún a sholáthar, a chothabháil i riocht sábháilte, in ordú maith oibre agus i dtreo mhaith.

*Is éard atá i gceist le 'Foirgneamh Il-Aonad' foirgneamh ina bhfuil dhá aonad cónaithe nó níos mó a bhfuil bealach isteach comhchoiteann acu.

RTB Bord um Thionóntachtaí Cónaithe
Residential Tenancies Board

Rialtas Áitiúil Éireann
Local Government Ireland

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing, Local Government and Heritage